
Bróisiúr Comhairliúcháin Phoiblí

# Cláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir

An Scéim Roghnaithe maidir le

## CEANN BHRÉ GO TRÁ THUAIDH NA GCLOCH LIATH



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Jacobs

ECRIPP
Iarnród Éireann
Irish Rail

Iarnród Éireann
Irish Rail

Co-funded by
the European Union

# Clár na nÁbhar


**01** **Réamhrá do Chláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir** **2**

Cén fáth a bhfuil Bearta Cosanta Cósta ag teastáil? 2

Príomhlimistéir 4

Cuspóirí na gClár Cosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir 5

**02** **Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí** **6**

**03** **Stádas Dearaidh Reatha** **7**

**04** **Príomh-ionchuir ECRIPP** **9**

**05** **Próiseas Roghnúcháin** **10**

**06** **An Scéim Roghnaithe – Ceann Bhré go Trá Thuaidh na gCloch Liath** **12**

**07** **Na Chéad Chéimeanna Eile** **18**

**08** **Conas Páirt a Ghlacadh** **20**

# 01 Réamhrá do Chláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir

**Bunaíodh Cláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP) chun oibreacha cosanta cósta feabhsaithe a sholáthar i gcoinne éifeachtaí réamh-mheasta de bharr athrú aeráide, ardú leibhéal na farraige agus creimeadh cósta, ar chonair iarnróid an chósta thoir idir Geataí Mhuirfean (Co. Bhaile Átha Cliath) agus Cuan Chill Mhantáin (Co. Chill Mhantáin).**

**Is léir d'Iarnród Éireann le blianta beaga anuas go mbíonn stoirmeacha ann níos minice ná riamh mar gheall ar an athrú aeráide. Éilíonn sé sin go ndéanfar níos mó agus níos mó oibreacha cothabhála chun freagra a thabhairt ar thorthaí creimthe cósta, scaileogú (tonnta ag réabadh thar constaicí) agus tuile cósta ar líne iarnróid chósta an oirthir agus ar an mbonneagar tacaíochta.**

**Cuirtear isteach níos mó ná riamh ar na seirbhísí reatha mar gheall ar na hoibreacha seo.**

Is cuid ríthábhachtach de ghréasán Iarnród Éireann ar an gcósta thoir an chuid seo ó Bhaile Átha Cliath go Cill Mhantáin agus tá seirbhísí DART ó dheas, agus seirbhísí comaitéireachta Ghuaire agus Chalafort Ros Láir ag feidhmiú feadh bhealach seo na radharc. Soláthróidh ECRIPP an chosaint chósta feabhsaithe atá riachtanach don bhonneagar iarnróid atá ann cheana féin i roinnt príomháiteanna ar an ngréasán iarnróid seo.

## Cén fáth a bhfuil Bearta Cosanta Cósta ag teastáil?

Tá tionchair an athraithe aeráide ar bhonneagar iarnróid an chósta thoir feicthe ag Iarnród Éireann. Chonacthas cúngú i roinnt áiteanna d'iarnród an chósta thoir toisc gur scuab an fharraige suas le 20 nó 30 méadar den chósta chun siúil le 10 mbliana anuas.

Is é an toradh a bhí air seo ná gur cailleadh go leor talún, agus go ndearna an fharraige ionraí sa chaoi go bhfuil an baol ann go gcaillfear tuilleadh den líne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin de bharr chreimeadh an chósta. Méadóidh an ráta caillteanais seo i gcomhréir le hathrú aeráide agus an chaoi a mhéadóidh minicíocht agus déine stoirmeacha mar gheall air.


Tá na príomhchodanna sin den iarnród cósta ó dheas ó Bhaile Átha Cliath go Cill Mhantáin i mbaol go háirithe ó thionchair chreimeadh cósta, tuilte cósta, scaileogú agus éagobhsaíocht aille. Meastar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine na bhfadhbanna sin sna blianta atá le teacht.

Is tionscadal faoi leith é gach limistéar díobh mar chuid den ECRIPP chun aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta ar chonair iarnróid an chósta thoir. Tabharfar gach limistéar dóibh ar aghaidh mar iarratas pleanála ar leith agus d'fhéadfadh soláthar an chláir athrú ó limistéar amháin go limistéar eile.

Tá ECRIPP maoinithe ag an Roinn Iompair, tríd an Údarás Náisiúnta Iompair faoi Thionscadal Éireann 2040 agus déantar foráil dó sa Chlár don Rialtas agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta.



**Is léir d'Iarnród Éireann le blianta beaga anuas go mbíonn stoirmeacha ann níos minice ná riamh mar gheall ar an athrú aeráide.** Éilíonn sé seo go ndéanfar níos mó agus níos mó oibreacha cothabhála chun freagra a thabhairt ar thorthaí creimthe cósta, scaileogú (tonnta ag réabadh thar constaicí) agus tuile cósta ar an líne iarnróid agus ar an mbonneagar tacaíochta.



*Fíor 1: Rinn na Mara le linn Stoirm Emma 2019*




*Fíor 2: Léarscáil de Phríomhláithreacha ECRIPP*

**Aithníodh** go bhfuil cúig phríomhlimistéar feadh an bealach 65km **a bhfuil an-bhaol ann go ndéanfaidh creimeadh cósta agus athrú aeráide díobháil dóibh.**

### Príomhlimistéir

Seo a leanas na limistéir do na cúig thionscadal:

- Geataí Mhuirfean go Trá Rinn na Mara
- Trá na Carraige Báine go Cill Iníon Léinín Theas
- Ceann Bhré go Trá Thuaidh na gCloch Liath
- Cill Chomhghaill go dtí an Caisleán Nua
- An Caisleán Nua go Muiríoch Chill Mhantáin



*Fíor 3: An Charraig Bhán, Cill Iníon Léinín*

### Cuspóirí Chláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir

Is iad cuspóirí na dtionscadal:

- Tacaíocht a thabhairt d'oibriú sábháilte leanúnach na seirbhísí iarnróid.
- Athléimneacht an bhonneagair iarnróid i leith athrú aeráide a mhéadú.
- Oibreacha cosanta cósta inbhuanaithe agus feabhsaithe a chur ar fáil in aghaidh éifeachtaí tuartha an athraithe aeráide amhail ardú leibhéal na mara, creimeadh cósta, borradh ar stoirmeacha ar chonair iarnróid an chósta thoir.
- An líne iarnróid a chosaint do na glúnta atá le teacht.
- Bainistiú agus cothabháil éifeachtach fhadtéarmach ar chonair an iarnróid a cheadú.
- Tacaíocht a thabhairt do nascacht inbhuanaithe ísealcharbóin áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta chun sochaí ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a chothú.

### Buntáistí Chláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir

Aithnítear ról Iarnród Éireann mar chóras iompair náisiúnta inbhuanaithe i bhfoilseachán an Athbhreithnithe Iarnróid Straitéisigh Uile-Oileáin arna choimisiúnú ag Rialtais na hÉireann/Tuaisceart Éireann a mholann méadú an-suntasach ar acmhainn ár mbonneagar reatha agus leathnú amach anseo ar an ngréasán iarnróid ar fud an oileáin. Cabhróidh ECRIPP le hacmhainn mhéadaithe Iarnród Éireann agus uaillmhianta leathnaithe Iarnród Éireann trí thacú le forbairt an Chláir DART+ agus feabhsuithe eile ar an ngréasán iarnróid ar chósta thoir na hÉireann.


## 02 Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

**Áirítear leis an gComhairliúchán Poiblí maidir leis an Rogha is Dealraithí a Roghnófar - Cláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP) dhá chéim comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúla.**

Le Comhairliúchán Poiblí 1, bhíothas ar thóir aiseolais maidir leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar do na cúig thionscadal. Chuidigh an t-ionchur seo le dearaí a bheachtú do Chomhairliúchán Poiblí 2 mar a gcuirtear an Scéim Roghnaithe i láthair do gach tionscadal anois.

Is deis iad comhairliúcháin phoiblí do phobail agus do pháirtithe leasmhara chun a dtuairimí a roinnt agus an dearadh á fhorbairt go fóill.

Is féidir aiseolas a chur isteach trí shuíomh gréasáin an tionscadail, ríomhphost, teileafón, nó tríd an bpost. Tá tuilleadh sonraí ar fáil sa rannóg "Conas Páirt a Ghlacadh".




*Fíor 4: Treochlár an Chomhairliúcháin*





*Fíor 5: Tolláin Bhré*

## 03 Stádas Dearaidh Reatha

**Tá an tionscadal i gCéim Dearaidh 3 den Scéim Roghnaithe.**

Sa chéim seo, déantar na dearaí coincheapa a bheachtú, déantar an struchtúr agus an gheoiméadracht a shoiléiriú agus déantar iniúchadh ar mhodhanna tógála agus ar bhealaí chun tionchair a íoslaghdú. Tá aiseolas ó Chomhairliúchán Poiblí 1 curtha san áireamh freisin.

Le linn Chomhairliúchán Poiblí 2, tá deis eile ag páirtithe leasmhara trácht a dhéanamh ar an Scéim Roghnaithe, a dhoiciméadófar agus a bhreithneofar sa réamhdhearadh.

A luaithe agus a dhéanfar an fhaisnéis seo a athbhreithniú agus a bhreithniú, cuirfear bailchríoch ar an Scéim Roghnaithe agus cuirfear an réamhdhearadh i gcrích.

Féadfar an dearadh seo a choigeartú tuilleadh bunaithe ar ionchur teicniúil, timpeallachta agus ó pháirtithe leasmhara.



*Fíor 6: Rinn na Mara*



*Fíor 7: Sraodbhalla Carraige Tipiciúil*

## 04 Príomh-ionchuir ECRIPP

Breathnófar na dearaí do gach ceann de na roghanna seo a leanas:

- Baineadh sonraí um aeráid thonnta agus leibhéal foircneach uisce as obair samhaltaithe hidridinimiciúil a rinneadh le linn réamh-imscrúduithe don ECRIPP.
- Rinneadh ríomhanna tosaigh ar chobhsaíocht na gcarraigeacha chun méid na gcarraigeacha a fháil amach a bheadh ag teastáil chun cobhsaíocht fhadtéarmach an armúir charraige a chinntiú.
- Tugadh faoi mheasúnú ar rátaí scaileogaithe le linn stoirmeacha. Áirítear leis seo liúntas d'ardú ar leibhéal na farraige. Tugann an anailís seo eolas do chéimseata riachtanach na gcosaintí feabhsaithe chun an Caighdeán Cosanta riachtanach a sholáthar (Dóchúlacht Shárú Bliantúil 0.5%, ar a dtugtar freisin leibhéal cosanta stoirme 1 in 200 bliain).
- Tá staid na gcosaintí cósta atá ann cheana féin bunaithe ar shuirbhé staide.
- Roghnaíodh an cineál cosanta agus na hábhair chun saolré fada a chinntiú agus chun riachtanais chothabhála sa todhchaí a íoslaghdú.
- Breithníodh inmharthanacht theicniúil agus an bhféadfaí iad a thógáil lena chinntiú go mbeadh na roghanna indéanta.
- Laistigh de theorainneacha gach foirme roghanna, breithníodh an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an bpobal ag leibhéal ard trí mheasúnú ilchritéir (MCA).

# 05 Próiseas chun Ceann de na Roghanna a roghnú

**Chun cabhrú leis an bpróiseas forbartha dearaidh agus chun an Scéim is Dealraithí a Roghnófar a chinneadh do gach ceann de na cúig limistéar, leanadh próiseas struchtúrtha innealtóireachta.**

**CÉIM 1**

**Is éard atá i Réamh-Mheasúnú ná measúnú ar liosta fada roghanna i bhfianaise critéar innealtóireachta, geilleagair agus comhshaoil chun 'indéantacht' gach rogha a mheas chun cuspóirí/riachtanais an tionscadail a chomhlíonadh.**


De thoradh an chur chuige seo bhíothas in ann liosta níos giorra a dhéanamh de na roghanna indéanta. Tugadh na roghanna indéanta go léir ar aghaidh go Céim 2 áit a bhféadfar iad a iniúchadh ar bhealach níos mionsonraithe.

**CÉIM 2**

**Is éard atá sa phróiseas um Anailís Ilchritéir ná anailís chomparáideach ildisciplíneach níos mionsonraithe ar na roghanna indéanta a tháinig trí Chéim 1.**

Rinneadh meastóireacht ar na roghanna chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le creimeadh cósta agus scaileogú don iarnród ach úsáid a bhaint as seacht gcritéar: geilleagar, sábháilteacht, timpeallacht, inrochtaineacht agus cuimsiú sóisialta, comhtháthú, innealtóireacht/teicniúil, agus riosca pleanála chun an Scéim is Dealraithí a Roghnófar a aithint.

Thug Comhairliúchán Poiblí 1 deis don phobal trácht a dhéanamh ar an Scéim is Dealraithí a Roghnófar. Rinneadh an fhaisnéis seo a athbhreithniú agus a bhreithniú agus roghnaíodh an Scéim Roghnaithe le dul ar aghaidh go dtí céim 3 den dearadh.




*Fíor 8: An Cur Chuige um Roghanna na Scéime a Mheasúnú*





*Fíor 9: Radharc ó Thrá na Carraige Duibhe*

# 06 An Scéim Roghnaithe – Ceann Bhré go Trá Thuaidh na gCloch Liath

**Tá an Tionscadal suite idir Ceann Bhré agus Trá Thuaidh na gCloch Liath agus tá sé roinnte ina dhá chuid. Clúdaíonn an chéad chuid, Ceann Bhré, tuairim is 4 km de chósta carraige crua ó Naylor's Cove go dtí an bealach amach theas de Thollán 3. Áirítear leis cosaintí cósta ó uair go chéile agus trí thollán.**

Clúdaíonn an dara cuid, Trá Thuaidh na gCloch Liath, tuairim is 3 km de chósta aillte boga den chuid is mó ó Thollán 3 go Muiríne Chuan na gCloch Liath agus tá tollán amháin ann. Tharla éagobhsaíocht agus creimeadh aillte sa chuid seo, rud a d'fhág gur atreoraíodh codanna den iarnród isteach ón gcósta trí tholláin.

Ar na príomhghuaiseacha sa dá chuid tá éagobhsaíocht aillte os cionn agus faoi bhun an iarnróid, a lagóidh na cosaintí cósta, agus creimeadh trá. Tá méadú ar leochaileacht an chósta i leith tuilleadh guaiseacha mar gheall ar na saincheisteanna seo. Déantar draenáil agus cobhsaíocht fána carraige a bhainistiú trí chothabháil leanúnach Iarnród Éireann.

## Cuspóirí an Tionscadail

Tá cuspóirí thionscadal Cheann Bhré go Trá Thuaidh na gCloch Liath dírithe ar an mbonneagar iarnróid a chosaint ó ghuaiseacha cósta.

- Ag Ceann Bhré, tá sraodbhallaí carraige á suiteáil chun struchtúir saoirseachta atá ann cheana a chosaint a shíneann thar chlaiseanna bhuncharraige nó a thacaíonn le claífoirt. Cé go bhfuil na struchtúir seo slán faoi láthair, ní leor iad chun an t-iarnród a chosaint ó na tionchair ó ardú ar leibhéil na farraige agus tarluithe adhaimsire amach anseo araon.
- • Ag Trá Thuaidh na gCloch Liath, is é an rún creimeadh gasta na n-aillte boga a rialú, rud a d'fhéadfadh codanna den iarnród a chur i mbaol laistigh den chéad 50 bliain atá romhainn. Táthar i mbun dhá shraodbhalla carraige a thógáil chun creimeadh bun farraige a chosc ag na codanna is leochailí de na haillte. Ina theannta sin, ligeann an dearadh do na codanna atá fágtha den chósta aillte creimeadh go nádúrtha, rud a chruthóidh cuan cobhsaí sa deireadh a chuirfidh cosaint nádúrtha ar fáil don líne iarnróid.

## An Scéim Roghnaithe

### Sraodbhallaí Carraige ag Ceann Bhré

- Síneann an líne iarnróid leis an aill agus tá tacaíocht aici ón taobh thíos agus tá cosaint aici ó struchtúir éagsúla saoirseachta agus carraige. Tá sé beartaithe sraodbhallaí carraige a úsáid chun struchtúir saoirseachta/coincréite leochaileacha a chosaint ó thionchar tonnta.
- Úsáidfear carraigeacha níos troime (6–10 tonna) i limistéir thógála deacra chun cobhsaíocht agus frithsheasmhacht a chinntiú.
- Beidh na sraodbhallaí suite ar ardáin charraige atá ann cheana féin agus beidh sraith thanaí gairbhéal scaipthe thar an ardán carraige.

### Sraodbhallaí Carraige ag Trá Thuaidh na gCloch Liath

- Rinneadh athbhreithniú ar na dearaí tosaigh le ceann tíre carraige scoite ar an trá ag bun na n-aillte boga mar gheall ar imní faoi shábháilteacht agus rochtain. Tá na struchtúir seo curtha go díreach i gcoinne na haille anois chun rochtain ar an trá agus sábháilteacht a fheabhsú.
- Cosnóidh dhá shraodbhalla an t-iarnród, atá tógtha gar don aill chun rochtain ar an trá a choinneáil. Bainfidh siad seo úsáid as carraigeacha 6–10 tonna le foshraith 0.3–1 tonna. I gcás aon ábhar trá a thochlófar le linn na tógála, cuirfear thar an mbun agus fána íochtarach an tsraodbhalla é chun próifíl agus cruth nádúrtha na trá a thabhairt ar ais.
- Chun an rochtain ar an trá a uasmhéadú, tógfar sraodbhalla gar don aill trí smionagar a thochailt ag bun na haille. Suiteálfar bratphíleáil shealadach le linn na tógála chun éagobhsaíocht na haille a chosc le linn tochailte agus bainfear é nuair a thiocfaidh deireadh leis an tógáil.

## Inoiriúnaitheacht don Todhchaí

- Breithníonn dearaí Cheann Bhré dálaí suas go dtí an bhliain 2100, agus an acmhainn ann chun níos mó carraige a chur leis nó na sraodbhallaí a athmhúnlú (athphróifíliú) más gá ar mhaithe le cothabháil nó oiriúnú do dhálaí cósta atá ag athrú.
- Ar na Clocha Liatha, ceadaíonn an dearadh foirmiú bá nádúrtha idir dhá shraodbhalla, agus d'fhéadfaí níos mó carraige a chur leis an sraodbhalla atá beartaithe, nó fad a chur leis na sraodbhallaí.

## Comhtháthú le struchtúir reatha

- Ag Ceann Bhré, tá na sraodbhallaí carraige deartha chun nascadh leis na struchtúir atá ann cheana féin
- Ag Trá Thuaidh na gCloch Liath níl aon struchtúir ann cheana féin le comhéadan a dhéanamh leo.

## Cothabháil

Níltear ach ag súil le cothabháil fhíorbheag ar na sraodbhallaí carraige le linn a saoil deartha, óir ta siad deartha chun oiriúnú d'athruithe ar an trá.

## Ceannach Talún

Tá Foireann an Tionscadail ag sainaithint úinéirí talún agus ag dul i mbun teagmhála leo maidir le tógáil talún sealadach agus buan don tionscadal. Tacóidh an fhaisnéis seo leis an iarratas pleanála agus leis na ceanglais maidir le talamh a cheannach.

## Measúnachtaí Timpeallachta


Tá réamhshuirbhéanna ar siúl ar limistéar an tionscadail chun eolas a thabhairt don bhonnlíne timpeallachta. Chuir Foireann an Tionscadail iarratas faoi bhráid MARA maidir le Ceadúnas Úsáide Mara (MUL) chun suirbhéanna bonnlíne timpeallachta a dhéanamh sa chladach a thabharfaidh eolas don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus don Mheasúnacht Chuí.

## Tógáil

Tá srian mór ar an tógáil ag Ceann Bhré agus Trá Thuaidh na gCloch Liath mar gheall ar dhrochrochtain, dálaí taoide, agus nochtadh do thonnta, rud a éilíonn seachadadh farraige-bhunaithe agus pleanáil chúramach chun dúshláin timpeallachta agus struchtúracha a bhainistiú. Baineann na príomhrioscaí a sainaithníodh do thionscadal na tógála leis an idirghníomhaíocht idir innealra tógála agus oibrithe agus an pobal araon, na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair i dtimpeallacht mhara, agus an baol go dtiocfar ar fhóntais faoi thalamh nó ar dhálaí talún gan choinne. Chun na rioscaí seo a mhaolú, déanfar pleanáil agus bainistiú cúramach ar úsáid innealra chun sábháilteacht oibrithe a chinntiú.

Beidh rochtain an phobail ar an trá srianta le linn chéim na tógála chun rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú. Sula gcuirfear tús leis an tógáil, déanfar tuilleadh imscrúduithe talún chun tuiscint iomlán a fháil ar dhálaí an tsuímh agus chun aon seirbhísí faoi thalamh a aimsiú, nithe a chuirfear san áireamh sa dearadh. Ina theannta sin, cuirfear innealtóireacht luacha i bhfeidhm chun an méid carraige a úsáidfear sa tógáil a bharrfheabhsú.

Tá tionchair fhéideartha timpeallachta ag baint le céim na tógála ar ghabhdóirí íogaire timpeallachta freisin. Déanfar measúnacht mhionsonraithe timpeallachta, agus sainaithneofar bearta maolaithe chun an baol go mbeidh tionchair ann a laghdú a oiread agus is féidir.







*Fioracha 11 & 12: An Scéim Roghnaithe - Ceann Bhré go Trá Thuaidh na gCloch Liath*





*Fíor 13: Radharc léiritheach ag féachaint ó dheas feadh Thrá Thuaidh na gCloch Liath*



*Fíor 14: Radharc léiritheach ar an sraodbhalla carraige atá beartaithe ag Naylor's Cove*





*Fíor 15: Ó dheas de Stáisiún Chill Chomhghaill*

# 07 Na Chéad Chéimeanna Eile

## Tuilleadh Forbartha maidir le Dearadh

I ndiaidh an chomhairliúcháin seo, déanfar athbhreithniú ar an aiseolas go léir agus úsáidfear é chun cabhrú leis an Scéim Roghnaithe a thabhairt chun críche. Foilseofar Tuarascáil ar Thorthaí an Chomhairliúcháin chun an t-aiseolas a fuarthas a dhoiciméadú.

Ar na chéad chéimeanna eile tá forbairt leanúnach dearaidh agus mionchoigeartú roghanna, a thabharfaidh eolas don Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus don Mheasúnacht Chuí agus do dhoiciméid eile a thacaíonn leis an bpróiseas pleanála reachtúil don Tionscadal. Tabharfar deis do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh sa Tionscadal athuair ag an bpointe seo tríd an bpróiseas reachtúil rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

Cuirtear fáilte roimh aiseolas ón bpobal i rith an phróisis dearaidh agus is féidir é a chur isteach trí shuíomh gréasáin an tionscadail, ríomhphost, teileafón nó tríd an bpost.





*Fíor 16: Na Clocha Liatha*

# 08 Conas Páirt a Ghlacadh

**Tá foireann an tionscadail ag lorg aiseolais ón bpobal ar an Scéim Roghnaithe. Seo deis do phobail agus do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a roinnt maidir leis na bearta cosanta cósta atá beartaithe.**

Tá eolas áitiúil riachtanach chun cabhrú leis an dearadh a mhúnlú agus a fheabhsú, lena chinntiú go rachaidh sé chun leasa do phobail áitiúla agus úsáideoirí iarnróid, agus ag an am céanna bonneagar a chosaint do na glúnta atá le teacht.

Tá an tréimhse chomhairliúcháin oscailte anois, tá sonraí iomlána lena n-áirítear na dátaí deiridh chun aighneachtaí a fháil le feiceáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail.

## Téigh i dteagmháil linn trí na modhanna seo a leanas:

**Suíomh Gréasáin**

**Seoladh Ríomhphoist:**
ecrippenquiries@irishrail.ie

**Líne ghutháin:** 01 202 7900

**Seoladh Poist:** Más fearr leat scríobh chugainn, seol comhfhreagras chuig:

ECRIPP, Foirgneamh Innealtóireachta agus Oibreacha Nua, Iarnród Éireann, Oibreacha Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08 K6Y3

Co-funded by the European Union